2026/532 12.3.2026

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/532 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 11 Márta 2026**

**maidir le húdarú ullmhóide arb é atá inti sóidiam moinéinsine (Coxidin) a athnuachan agus údarú úsáidí nua na hullmhóide sin mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú, sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga, turcaithe lena ramhrú agus turcaithe a thógtar le haghaidh atáirgthe (sealbhóir an údaraithe: Huvepharma N.V.) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 109/2007 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 140/2012**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú.

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 109/2007 ón gCoimisiún ([2]), údaraíodh dhá fhoirm d'ullmhóid arb é atá inti sóidiam moinéinsine (Coxidin) ('an ullmhóid'), ceann le bran cruithneachta ann nó ceann le carbónáit chailciam ann, ar feadh 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú le haghaidh turcaithe suas le 16 seachtaine d'aois. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 140/2012 ón gCoimisiún ([3]), údaraíodh foirm na hullmhóide le carbónáit chailciam le haghaidh sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga freisin.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh dhá iarratas isteach chun údarú na hullmhóide a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú agus turcaithe lena ramhrú (an dá fhoirm) agus le haghaidh sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga (an fhoirm le carbónáit chailciam inti), iarratais inar iarradh go n-aicmeofaí an breiseán sa chatagóir breiseán coicideastait agus histeamonastait. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis na hiarratais sin.

(4) I gcomhthráth leis sin, cuireadh isteach dhá iarratas i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 maidir le húdarú úsáidí nua na hullmhóide. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis na hiarratais sin.

(5) Na hiarratais a cuireadh isteach i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, baineann siad le húdarú na hullmhóide mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga (an fhoirm le bran cruithneachta inti) agus turcaithe a thógtar le haghaidh atáirgthe (an dá fhoirm), agus iarrtar iontu go n-aicmeofaí an breiseán sin sa chatagóir coicideastait agus histeamonastait.

(6) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sna tuairimí uaidh an 31 Eanáir 2024 ([4]) agus an 24 Meitheamh 2025 ([5]) gur sholáthair an t-iarratasóir fianaise go bhfuil an ullmhóid fós sábháilte do thurcaithe lena ramhrú (suas le 16 seachtaine) ar an uasleibhéal údaraithe atá ann faoi láthair, is é sin 100 mg de shóidiam moinéinsine/kg d'ábhar beatha iomlán, agus leathnaigh sé an chonclúid sin chun turcaithe a thógtar le haghaidh atáirgthe (suas le 16 seachtaine) a chumhdach. Tháinig sé ar an gconclúid thairis sin go bhfuil úsáid na hullmhóide sábháilte suas go dtí an t-uasleibhéal molta nua atá beartaithe, is é sin 120 mg de shóidiam

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 109/2007 ón gCoimisiún an 5 Feabhra 2007 maidir le húdarú sóidiam moinéinsine (Coxidin) mar bhreiseán beathaithe (IO L 31, 6.2.2007, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/109/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 140/2012 ón gCoimisiún an 17 Feabhra 2012 maidir le húdarú sóidiam moinéinsine mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga (sealbhóir an údaraithe Huvepharma NV Belgium) (IO L 47, 18.2.2012, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2012/140/oj).

([4]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2024;22:e8628, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.8628.

([5]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2025;23:e9541, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9541.

moinéinsine/kg d'ábhar beatha iomlán le haghaidh sicíní lena ramhrú agus sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga. Ina theannta sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil úsáid na hullmhóide fós sábháilte do thomhaltóirí – na huasleibhéil iarmhar (MRLanna) atá ann cheana le haghaidh fíocháin éanlaithe clóis lena n-áirithítear sábháilteacht tomhaltóirí gan aon ghá le ham aistarraingthe - agus don chomhshaol. Tháinig sé ar an gconclúid freisin go mbaineann riosca trí ionanálú leis an dá fhoirmliú den ullmhóid agus nach greannaitheoirí craicinn iad. Shonraigh an tÚdarás thairis sin nach íogróir craicinn é an foirmliú le bran cruithneachta ann ach gur greannaitheoir súl é, agus gur cheart a mheas gur íogróir craicinn agus riospráide é an foirmliú le carbónáit chailciam ann, cé nach féidir teacht ar aon chonclúid maidir lena acmhainneacht a bheith ina ghreannaitheoir súl. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid thairis sin go bhfuil an ullmhóid éifeachtúil chun coiciodóis a rialú ar leibhéal 100 mg de shóidiam moinéinsine/kg d'ábhar beatha iomlán le haghaidh sicíní lena ramhrú agus ar leibhéal 60 mg de shóidiam moinéinsine/kg d'ábhar beatha iomlán le haghaidh turcaithe lena ramhrú. Leathnaigh an tÚdarás na conclúidí sin chun sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga agus turcaithe a thógtar le haghaidh atáirgthe a chumhdach. Thug sé dá aire go bhfuil comharthaí ann go bhfuil *Eimeria* spp. ag forbairt frithsheasmhacht in aghaidh sóidiam moinéinsine agus mheas sé go bhfuil gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh. D'fhíoraigh an tÚdarás freisin an tuarascáil ar na modhanna anailíse ar na breiseáin bheathaithe i mbeatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, a eascraíonn as leasú/forlíonadh choinníollacha an údaraithe roimhe seo.

(7) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an ullmhóid na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, maidir le húdarú an dá fhoirm den ullmhóid sin lena n-úsáid i sicíní lena ramhrú agus turcaithe lena ramhrú, agus údarú na foirme le carbónáit chailciam lena húsáid i sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga, ba cheart na húdaruithe sin a athnuachan. Ina theannta sin, ba cheart an ullmhóid sin a údarú le haghaidh na n-úsáidí nua a ndearnadh iarratais ina leith, is iad sin le haghaidh sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga (an fhoirm le bran cruithneachta inti) agus turcaithe a thógtar le haghaidh atáirgthe (an dá fhoirm). Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le clár faireacháin iarmhargaidh, a thosóidh 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo, chun aon chomhartha frithsheasmhachta in aghaidh sóidiam moinéinsine a eascraíonn as úsáid na hullmhóide a rianú agus a dhoiciméadú. Faoi dheireadh, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.

(8) Mar thoradh ar údarú an dá fhoirm den ullmhóid a athnuachan, lena n-úsáid i sicíní lena ramhrú agus turcaithe lena ramhrú, agus ar údarú na foirme le carbónáit chailciam inti lena húsáid i sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 109/2007 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 140/2012 a aisghairm.

(9) Maidir leis na modhnuithe ar na coinníollacha údaraithe maidir leis an dá fhoirm den ullmhóid lena n-úsáid i sicíní lena ramhrú agus turcaithe lena ramhrú, agus leis an bhfoirm le carbónáit chailciam inti lena húsáid i sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga, ós rud é nach gá na modhnuithe sin a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do na páirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as athnuachan an údaraithe a chomhlíonadh.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Athnuachan an údaraithe**

Maidir le húdarú na hullmhóide sóidiam moinéinsine (Coxidin) sa dá fhoirm, ceann le bran cruithneachta ann nó ceann le carbónáit chailciam ann, mar a shonraítear san Iarscríbhinn, ullmhóid a bhaineann leis an gcatagóir breiseán coicideastait agus histeamonastait, lena húsáid le haghaidh sicíní lena ramhrú agus turcaithe lena ramhrú, mar aon le húdarú na hullmhóide sóidiam moinéinsine (Coxidin) san fhoirm le carbónáit chailciam inti, lena húsáid le haghaidh sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga, déantar na húdaruithe sin a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Údarú**

An ullmhóid a shonraítear san Iarscríbhinn agus a bhaineann leis an gcatagóir breiseán coicideastait agus histeamonastait, údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe le haghaidh sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga (an fhoirm le bran cruithneachta inti) agus turcaithe a thógtar le haghaidh atáirgthe (na foirmeacha le bran cruithneachta iontu nó le carbónáit chailciam iontu), faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 3*

**Aisghairmeacha**

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 109/2007 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 140/2012.

*Airteagal 4*

**Bearta idirthréimhseacha**

1. An breiseán beathaithe sóidiam moinéinsine (Coxidin) (na foirmeacha le bran cruithneachta iontu nó le carbónáit chailciam iontu), mar a údaraítear le Rialachán (CE) Uimh. 109/2007, agus réamh-mheascáin a bhfuil an breiseán sin iontu, atá beartaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú agus turcaithe lena ramhrú, mar aon leis an mbreiseán beathaithe sóidiam moinéinsine (an fhoirm le carbónáit chailciam inti), a údaraítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 140/2012, agus réamh-mheascáin a bhfuil an breiseán sin iontu, atá beartaithe le haghaidh sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 1 Deireadh Fómhair 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 1 Aibreán 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha ina bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1, atá beartaithe lena n-úsáid le haghaidh sicíní lena ramhrú agus turcaithe lena ramhrú (na foirmeacha le bran cruithneachta iontu nó le carbónáit chailciam iontu), agus le haghaidh sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga (an fhoirm le carbónáit chailciam inti), nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 1 Aibreán 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 1 Aibreán 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.

*Airteagal 5*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Márta 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Ainm shealbhóir an údaraithe | Ainm an bhreiseáin (an t-ainm trádála) | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhíoch | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údarúcháin | Uasteorainneacha na n-iarmhar (MRLanna) sna hábhair bia de bhunadh ainmhíoch |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | | |
| **Catagóir: coicideastait agus histeamonastait** | | | | | | | | | | |
| 51701 | Huvepharma N.V. | Sóidiam moinéinsine (Coxidin) | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br>Ullmhóid arb é atá inti sóidiam moinéinsine atá coibhéiseach le gníomhaíocht moinéinsine ([1]): 23,7-26,2 %<br>Foirmeacha le:<br>— Bran cruithneachta: q.s.<br>Nó<br>— Carbónáit chailciam q.s.<br>Foirmeacha soladacha<br>*Saintréithriú na substainte gníomhaí*<br>Sóidiam moinéinsine (salann sóidiam d'aigéad monacarbocsaileach poiléitir), ina bhfuil:<br>— Sóidiam moinéinsine A: Aigéad (2-[5-eitilteitrihidrea-5-[teitrihidrea-3-meitil-5-[teitrihidrea-6-hiodrocsa-6-(hiodrocsaimeit-il)-3,5-démheitil- 2H-pioran-2-il]-2-fúiril]-2-fúiril]-9-hiodrocsa-β-meatocsa- α, γ,2,8-teitrimeitil-1,6-dé-ocsaispirea-[4.5]deacán-7-bútarach sóidiam; $C_{36}H_{61}NaO_{11}$; | Sicíní lena ramhrú | — | 100 | 120 | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus an réamh-mheascáin, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú.<br>2. Déanfar an breiseán a ionchorprú i mbeatha chumaisc i bhfoirm réamh-mheascáin.<br>3. Ní mheascfar sóidiam moinéinsine le coicideastait eile.<br>4. Sonraigh sna treoracha úsáide: 'Contúirteach d'eachaithe. Tá ianafór san ábhar beatha seo: ní mór tabhairt chomhuaineach le tiamúilin a sheachaint agus faireachán a dhéanamh ar fhrithghníomhar- | an 1 Aibreán 2036 | 25 µg sóidiam moinéinsine/ kg de chraiceann fliuch + saill<br>8 µg sóidiam moinéinsine/ kg d'ae fliuch, duán fliuch agus matán fliuch |
| | | | | Sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga | 16 seachtaine | 100 | 120 | | | |
| | | | | Turcaithe lena ramhrú<br>Turcaithe a thógtar le haghaidh atáirgthe | 16 seachtaine | 60 | 100 | | | |

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Ainm shealbhóir an údaraithe | Ainm an bhreiseáin (an t-ainm trádála) | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhíoch | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údarúcháin | Uasteorainneacha na n-iarmhar (MRLanna) sna hábhair bia de bhunadh ainmhíoch |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | | |
| | | | — Sóidiam moinéinsine B: 4-(9-hiodrocsa-2-(5'-(6-hiodrocsa-6-(hiodrocsaimeitil)-3,5-démheitilteitrihidrea-2H-pioran-2-il)-2,3'-démheitiolochtaihidrea-[2,2'-défhúrán]-5-il)-2,8-démheitil-1,6-dé-ocsaispirea[4.5]deacán-7-il)-3-meatocsa-2-meitilpeantánóáit sóidiam; $C_{35}H_{59}NaO_{11}$;<br>— Sóidiam moinéinsine C: 2-eitil-4(2-(2-eitil-5'-(6-hiodrocsa-6-(hiodrocsaimeitil)-3,5-démheitilteitrihidrea-2H-pioran-2-il)-3'-meitiolochtaihidrea-[2,2'-défhúrán]-5-il-)-9-hiodrocsa-2,8-démheitil-1,6-dé-ocsaispirea[4.5]deacán-7-il)-3-meatocsaipeantánóáit sóidiam;$C_{37}H_{63}NaO_{11}$.<br>Ó 'shubstaint theicniúil sóidiam moinéinsine', atá comhdhéanta den mhéid seo a leanas:<br>— Sóidiam moinéinsine atá coibhéiseach le gníomhaíocht mhoinéinsine: 32-42 %; | | | | | tha díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann, nuair a úsáidtear i gcomhthráth le substaintí íocshláinte eile é'.<br>5. Déanfaidh sealbhóir an údaraithe clár faireacháin iarmhargaidh ar fhrithsheasmhacht *Eimeria* spp. in aghaidh sóidiam moinéinsine a phleanáil agus a chur i gcrích, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 429/2008 ón gCoimisiún ([3]). Cuimseofar sa chlár faireacháin iarmhargaidh sin, ón 1 Aibreán 2031 ar aghaidh, faireachán allamuigh ar fud an Aontais ar fhrithsheasmhacht *Eimeria* in aghaidh sóidiam moinéinsine agus scagthástálacha *in* | | |

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Ainm shealbhóir an údaraithe | Ainm an bhreiseáin (an t-ainm trádála) | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhíoch | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údarúcháin | Uasteorainneacha na n-iarmhar (MRLanna) sna hábhair bia de bhunadh ainmhíoch |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | | |
| | | | — Péirlít: 15-20 %;<br>— Substráit choipthe ídithe thriomaithe: 38-53 %<br><br>Uimhir CAS: 22373-78-0<br><br>Arna táirgeadh trí choipeadh le *Streptomyces* sp. LMG S-19095<br><br>Comhdhéanamh an fhachtóra:<br>— Moinéinsine A: ≥ 90 %<br>— Moinéinsine A + B: ≥ 95 %<br>— Moinéinsine C: 0,2-0,3 %<br><br>*Modh anailíse* (2)<br><br>Maidir le sóidiam moinéinsine sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: crómatagrafaíocht leachta ardfheidhmíochta agus úsáid á baint as díorthúchán iarcholúin cúpláilte le brath fótaiméadrach<br><br>Maidir le sóidiam moinéinsine i réamh-mheascáin a chinneadh: crómatagrafaíocht leachta ardfheidhmíochta agus úsáid á baint as díorthúchán iarcholúin cúpláilte le brath fótaiméadrach – EN ISO 14183 | | | | | *vitro* nó tástálacha íogaireachta frithchoicideacha le haghaidh tréithchineálacha *Eimeria* aonair a bhailítear ó fheirmeacha sicín éagsúla ar fud an Aontais a sainaithnítear tásc frithsheasmhachta ina leith. Cuimseofar ann freisin, ón 1 Aibreán 2033 ar aghaidh ar a dhéanaí, tástálacha íogaireachta frithchoicideacha (ionfhabhtú measctha) i sicíní agus i dturcaithe lena gcumhdaítear raon leathan tréithchineálacha *Eimeria* de thionscnamh suíomhanna san Aontas inar sainaithníodh tásca frithsheasmhachta, tástálacha a cuireadh chun feidhme go comhsheasmhach ar fud an Aontais.<br><br>6. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta | | |

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Ainm shealbhóir an údaraithe | Ainm an bhreiseáin (an t-ainm trádála) | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhíoch | Uasteor-ainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údarúch-áin | Uasteorain-neacha na n-iarmhar (MRLanna) sna hábhair bia de bhunadh ainmhíoch |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | | |
| | | | Maidir le sóidiam moinéinsine i mbeatha cumaisc a chinneadh:<br>— Crómatagrafaíocht leachta ardfheidhmíochta agus úsáid á baint as díorthúchán iarcholúin cúpláilte le brath fótaiméadrach – EN ISO 14183 nó<br>— Crómatagrafaíocht leachta ardfheidhmíochta cúpláilte le mais-speictriméadracht sraithe – EN 17299<br><br>Maidir le sóidiam moinéinsine i bhfíocháin a chinneadh: crómatagrafaíocht leachta ardfheidhmíochta cúpláilte le mais-speictriméadracht sraithe | | | | | oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, is le trealamh cosanta don análú agus do na súile a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin agus le trealamh cosanta don chraiceann freisin i gcás úsáid na foirme le carbónáit chailciam inti. | | |

(1) Sloinntear an tiúchan sóidiam moinéinsine mar ghníomhaíocht mhoinéinsine lena gcuimsítear an bhithchumhacht choibhneasta i dtéarmaí 'ghníomhaíocht mhoinéinsine' na n-athraitheach moinéinsine éagsúla.

(2) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.

(3) Rialachán (CE) Uimh. 429/2008 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2008 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le hiarratais a ullmhú agus a chur i láthair agus maidir le breiseáin bheathaithe a mheasúnú agus a údarú (IO L 133, 22.5.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/429/oj).